C/2025/761

11.2.2025

**Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa**

# Dúshláin a d'fhéadfadh a bheith i ndán don mhargadh aonair na hEorpa mar thoradh ar mhéadú an Aontais

**(tuairim féintionscnaimh)**

(C/2025/761)

Rapóirtéir: **Stoyan TCHOUKANOV**

| | |
|---|---|
| Comhairleoir | Véronique CHAPPELART |
| Cinneadh ón Tionól Iomlánach | 18.1.2024 |
| Bunús dlí | Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta |
| An rannóg atá freagrach | An Margadh Aonair, Táirgeacht agus Tomhaltas |
| Dáta a glactha sa rannóg | 7.11.2024 |
| Dáta a glactha sa seisiún iomlánach | 4.12.2024 |
| Seisiún iomlánach Uimh. | 592 |
| Toradh na vótála<br>(ar son/in aghaidh/staonadh) | 193/1/2 |

## 1. Conclúidí agus moltaí

1.1. Creideann CESE go bhfuil ag éirí thar barr leis an méadú a rinneadh ar an Aontas go dtí seo agus is mór an díol sásaimh dó an dinimic leanúnach atá ann tar éis Dhearbhú Granada ón gComhairle. Ní thugtar an tús áite céanna don mhéadú i ngach áit san Aontas trí chéile, agus tá tuairimí éagsúla i measc na mBallstát maidir leis an margadh aonair a leathnú seachas é a dhoimhniú. Toisc an margadh aonair a bheith neamhiomlán, tháinig laghdú 50 % ar fhás na holltáirgeachta intíre *per capita* san Eoraip i gcomparáid leis na Stáit Aontaithe sa tréimhse ó 1993 go 2022, rud a fhágann go bhfuil práinn agus gá le hathchóirithe tapa, go háirithe maidir le seirbhísí airgeadais agus maidir le cúrsaí fuinnimh, teileachumarsáide agus comhshaoil. Ní hiad na stáit is iarrthóirí amháin a chaithfidh ullmhú i gcomhair ballraíochta; ní mór don Aontas na hathruithe rialála is gá a thabhairt isteach roimh aontachas na stát sin.

1.2. Is oth le CESE go bhfuil de thoradh ar ilroinnt reatha mhargadh airgeadais na hEorpa go dtarlaíonn eis-sreafaí caipitil, gur bagairt í an ilroinnt sin ar iomaíochas domhanda na hEorpa agus go bhfuil sí ar cheann de na mórchonstaicí ar an bpróiseas a bheidh ann amach anseo chun an méadú a chistiú. Tá daonra tuairim is 60 milliún duine (sonraí 2023) sna tíortha is iarrthóirí, agus tá acmhainneacht shuntasach iontu maidir le hinfheistíochtaí, deiseanna eacnamaíocha agus poist. Leis an 'Aontas Coigiltis agus Infheistíochta' atá beartaithe, shlógfaí caipiteal príobháideach agus neartófaí iomaíochas na hEorpa, agus chuirfí borradh faoin bhfás agus faoi acmhainneacht ionsúcháin níos mó. Ciallaíonn an méadú freisin go mbeidh rochtain níos fearr ar amhábhair chriticiúla, agus dá bhrí sin go mbeidh an Eoraip níos athléimní agus níos ceannasaí.

1.3. I bhfianaise leibhéil dhifriúla ullmhúcháin na dtíortha éagsúla is iarrthóirí maidir le hoiriúnú do rialacha an mhargaidh inmheánaigh agus an tionchar a bheidh ag an méadú ar na sreafaí trádála nua sna geilleagair áitiúla, tugann CESE dá aire go raibh de thoradh ar an méadú a tharla roimhe seo gur cruthaíodh an dinimic dream amháin a bheith thuas leis, dream eile a bheith thíos leis, de dheasca deiseanna eacnamaíocha neamhchothroma a bheith ann do na cuideachtaí de réir a gcineáil agus a n-earnála. Dá bhrí sin, tá CESE ag tathant ar an gCoimisiún Eorpach agus ar na tíortha is iarrthóirí tionchair an mhéadaithe a mheas agus a bhainistiú ionas nach ndéanfar an dinimic chéanna a athchruthú, agus aird ar leith a thabhairt ar FBManna, san Aontas agus sna tíortha is iarrthóirí araon, ionas go roinnfear na tairbhí i gceart. Más uainn margaí an Aontais a oscailt le linn an phróisis lánpháirtíochta, ba cheart do thíortha is iarrthóirí caighdeáin an Aontais a chomhlíonadh go docht lena chinntiú nach mbeidh oibreoirí Bhallstáit an Aontais faoi mhíbhuntáiste.

1.4. Is léir ón réamhanailís mhargaidh ar atreorú na sreafaí trádála idir an tAontas agus na tíortha is iarrthóirí go dtabharfaidh méadú an Aontais glantairbhe d'onnmhaireoirí earraí agus seirbhísí tionsclaíocha an Aontais, ach go ndéanfar sladghearradh ar earnálacha áirithe de dheasca na gcostas táirgthe níos ísle a bhaineann le cuid de na tíortha nua isteach. Tá éagsúlacht mhór sna réaltachtaí sóisialta i measc na dtíortha is iarrthóirí agus de thoradh na neamhréireachtaí sin d'fhéadfaí, sa ghearrthéarma, difear a dhéanamh do dhálaí oibre agus d'fhéadfaí míshástacht a ghríosú i measc na saoránach. Éilíonn CESE próiseas cuimsitheach comhairliúcháin a bheadh dírithe ar chúiteamh cuí a dhéanamh sna costais shóisialta a d'fhéadfadh teacht chun cinn, ós rud é gur mó atá i gceist le próiseas an mhéadaithe ná beartais a ailíniú.

1.5. Is gné ríthábhachtach eile na comhaontuithe saorthrádála atá ann cheana idir tíortha is iarrthóirí agus tríú tíortha, a d'fhéadfadh, uaireanta, a bheith ina n-iomaitheoirí de chuid an Aontais ar an leibhéal domhanda, go háirithe maidir le hamhábhair a bhfuil gá leo d'earnálacha sonracha nach bhfuil comhtháite go hiomlán sa mhargadh aonair faoi láthair. Cuireann CESE i bhfáth go bhfuil bearta spriocdhírithe tapa de dhíth ar an Aontas chun deireadh a chur le bacainní suntasacha agus chun leas iomlán a bhaint as acmhainneacht na n-earnálacha airgeadais, teileachumarsáide agus fuinnimh atá neamhchosanta ar bhrú atá ag dul i méid ó ilchuideachtaí móra ilnáisiúnta agus ó mhargaí móra airgeadais. D'fhonn cur chuige cuimsitheach a áirithiú le tionscail, bonneagar, agus teicneolaíochtaí criticiúla an mhargaidh aonair a chosaint, molann CESE ailíniú a dhéanamh le creat an Aontais maidir le hinfheistíochtaí díreacha coigríche isteach san Aontas a scagadh (a bunaíodh faoi Rialachán (AE) 2019/452) sna tíortha is iarrthóirí agus sna tíortha is iarrthóirí ionchasacha.

1.6. Measann CESE gur cheart an méadú a bheith i gceartlár an phlé maidir leis an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) eile; táthar tar éis roinnt tionscnaimh dhearfacha a sheoladh cheana féin i ndáil leis an méid sin, go háirithe maidir le tacaíocht d'athchóirithe, ach ba cheart tuilleadh a dhéanamh chun a áirithiú go dtacóidh uirlisí airgeadais an Aontais go hiomlán leis an bpróiseas réamhaontachais.

1.7. Ní beag an dúshlán an méadú. Dá bhrí sin, measann CESE go gcaithfear teacht ar dhinimic nua don phróiseas i gcomhthéacs na n-imthosca geopholaitiúla eisceachtúla atá ann faoi láthair agus na ndúshlán atá ag dul i méid, amhail an t-athrú aeráide agus an t-aistriú fuinnimh agus comhshaoil. Is léir ón taithí a fuarthas ó bhabhtaí i ndiaidh a chéile roimhe seo den mhéadú nach leor comhtháthú níos dlúithe le margadh aonair an Aontais ná tacaíocht airgeadais spriocdhírithe chun cóineasú socheacnamaíoch luathaithe a bhaint amach. Ní mór aghaidh a thabhairt go cuimsitheach ar dhúshlán na slándála agus na cosanta de dhroim an chogaidh atá á fhearadh ag an Rúis i gcoinne na hÚcráine agus ní mór an dúshlán sin a chur san áireamh sna beartais fuinnimh, airgeadais agus chibearshlándála. I bhfianaise an tionchair atá ag an gcogadh sin ar an tslándáil fuinnimh, ar an bhforbairt eacnamaíoch, agus ar chobhsaíocht pholaitiúil gheilleagair na mBalcán Thiar, tá géarghá anois le bheith ag tathant ar son athrú ar an gcur chuige le haghaidh phróiseas aontachais thíortha na mBalcán Thiar leis an Aontas trí aontachas céimnithe le margadh aonair an Aontais a thairiscint do na tíortha sin. Measann CESE go bhféadfadh buntáistí polaitiúla a bheith mar thoradh ar an gcur chuige níos dinimiciúla sin agus go bhféadfaí, dá chionn, borradh dearfach a chur an athuair faoi phróiseas a bhí dúshlánach go leor go dtí seo ó thaobh amlínte agus dul chun cinn de.

1.8. Agus ar deireadh, molann CESE rannpháirt a thabhairt don tsochaí shibhialta i bpróiseas an mhéadaithe, ionas go gcuirfí le tuiscint na saoránach ar na hathchóirithe is gá chun na ceanglais a bhaineann le ballraíocht san Aontas a chomhlíonadh. Cuideoidh sé sin lena áirithiú go mbeidh lánpháirtiú an Aontais bunaithe ar fhíor-rannpháirtíocht na sochaí sibhialta sa díospóireacht phoiblí. Creideann CESE gur cheart an méadú a bheith ina dhlúthchuid de réitigh na hEorpa ar dhúshláin dhomhanda. Is prionsabail dhosháraithe iad an daonlathú agus an smacht reachta, rud is fíor freisin i gcás an chur chuige bunaithe ar fhiúntas is dlúthchuid de phróiseas an mhéadaithe, ós amhlaidh nach féidir aon aicearra sa treo sin a ghearradh ná a ghabháil. Ar deireadh thiar thall, ní foláir a chur i luí gaidhte ar an bpobal ar dhá thaobh na teorann cad é mar ghnóthachain eacnamaíocha a bheidh ann agus an chaoi a scaipfear an rathúnas ar an gcéad ghlúin eile d'Eorpaigh, is é is dóichí.

1.9. Chomh maith leis an tábhacht gheostraitéiseach, beidh deiseanna nua gnó i gceist leis an méadú freisin do chuideachtaí Eorpacha, beidh margadh níos mó ann do ghnólachtaí agus do thomhaltóirí agus beidh rochtain níos fearr ar amhábhair chriticiúla, agus cuirfidh na nithe sin ar fad le hEoraip níos athléimní agus níos ceannasaí a chothú.

## 2. **Cúlra**

2.1. An tráth a leag Jacques Delors síos bunchlocha an mhargaidh aonair (ba ar na ceithre shaoirse a bunaíodh cúrsaí, is é sin saorghluaiseacht daoine, earraí, seirbhísí, agus caipitil, agus ar theoiricí agus prionsabail an 20ú haois), bhí cuma an-difriúil ar chúrsaí geopholaitiúla agus ar na cúinsí eacnamaíocha. Deis atá i méadú an Aontais acmhainn an mhargaidh aonair a fhorbairt a thuilleadh, go háirithe in earnáil na seirbhísí nach mbaintear dóthain leas aisti.

2.2. Bunaíodh an margadh aonair chun lánpháirtiú na hEorpa a neartú trí dheireadh a chur le bacainní trádála, iomaíocht chóir a áirithiú, comhar agus dlúthpháirtíocht a chur chun cinn i measc na mBallstát agus feabhas a chur ar shaoil na saoránach. Ina theannta sin, chun a ráthú go bhféadfadh gach réigiún an tairbhe chéanna a bhaint as deiseanna margaidh, cuireadh tús le cistí comhtháthaithe. Is den riachtanas é margadh aonair dea-fheidhmiúil a bheith ann chun tuilleadh infheistíochta agus nuálaíochta a dhreasú san Eoraip, chun slándáil shóisialta a mhaoiniú, chun oideachas ardcháilíochta a chistiú, agus chun bearta breise a dhéanamh ar mhaithe leis an aeráid.

2.3. Sa lá atá inniu ann, tá an margadh aonair fós ina bhunchloch de chomhtháthú na hEorpa agus de luachanna na hEorpa, é ag feidhmiú mar fhoinse fuinnimh don fhás, don rathúnas agus don dlúthpháirtíocht, agus ról lárnach na tionsclaíochta agus an idirphlé shóisialta i dtaca le baint amach spriocanna an ghlan-nialais á gcur chun cinn aige. Mar sin féin, tá athrú mór tagtha ar chúrsaí go hidirnáisiúnta. Tá a háit san ordlathas domhanda á cailleadh ag an Eoraip agus í tar éis titim ar gcúl go mór, rud a léiríonn gur gá margadh aonair nua a fhorbairt. Tá meath tagtha ar iomaíochas an Aontais, agus de réir a lán táscairí, tá na Stáit Aontaithe agus an tSín tar éis dul chun tosaigh ar an Aontas cheana féin, díreach nuair a bhí an dícharbónú agus an t-aistriú digiteach ag réiteach an bhealaigh chuig an gcéad ré eile rathúnais.

2.4. Thairis sin, i bhfianaise mhéadú ionchasach an Aontais amach anseo, ní mór – chun an táirgiúlacht a mhéadú – príomhphointí an mhargaidh aonair a thabhairt cothrom le dáta agus a ailíniú le ról nua an mhargaidh aonair sa chomhthéacs go bhfuil claochluithe struchtúracha á ndéanamh ar an saol ina mairimid.

2.5. Ionas gur féidir próiseas aontachais inchreidte a áirithiú, ní mór ról fiúntach a thabhairt don tsochaí shibhialta eagraithe ann, rud a dtacaíonn CESE go díreach leis trí bhíthin a chuid 'comhaltaí as na tíortha is iarrthóirí' ([1]).

2.6. Mar a luadh cheana i dtuairim roimhe seo ([2]), measann CESE go bhfuil gá le hinfheistíocht sa chomhtháthú sóisialta, eacnamaíoch agus críochach chun fás eacnamaíoch a chur i réim agus chun poist a chruthú sna Balcáin Thiar. Mholfadh CESE freisin táscairí toraidh atá bunaithe ar an tsochaí agus ar an bhforbairt a leagan síos le haghaidh na mbeart uile a áirítear sna cláir oibre um athchóiriú.

## 3. **Barúlacha ginearálta**

### 3.1. ***An riachtanas geostraitéiseach é méadú an Aontais?***

3.1.1. Tá athrú ó bhonn tagtha ar léarscáil straitéiseach na mór-roinne de bharr ionradh 2022 ar an Úcráin. Tá líne dhealaithe chrua anois breactha trasna na mór-roinne, agus dá chionn sin táthar tar éis an próiseas aontachais do na sé stát de chuid na mBalcán Thiar atá i seomra feithimh aontachais an Aontais faoi láthair a chur sa siúl an athuair. Ciallaíonn sé sin nach foláir don Aontas é féin a ullmhú anois le haghaidh aontachas suas le naoi mBallstát nua, an tSeoirsia ina measc.

3.1.2. Ina theannta sin, tá saincheist na Tuirce gan réiteach go fóill. Cé gur tír is iarrthóir fós í, tá a cainteanna aontachais leis an Aontas fós ina stad, agus níl a teacht isteach san Aontas á phlé sa díospóireacht pholaitiúil faoi láthair.

### 3.2. ***Breithnithe polaitiúla agus institiúideacha***

3.2.1. Má bhíonn tuilleadh Ballstát ann, beidh tionchar aige sin ar na caidrimh atá i dtreis i gceartlár chinnteoireacht an Aontais – idir an tAontas agus a Bhallstáit, idir tíortha móra agus tíortha beaga, agus idir institiúidí an Aontais.

3.2.2. Is cinnte go mbeidh tionchar ag méadú an Aontais ar chreat institiúideach an Aontais agus go mbeidh sé ina chionsiocair le hathruithe ar an dinimic pholaitiúil.

3.2.3. Caithfear buntáistí na cumhachta crosta a mheas go polaitiúil i gcomhthéacs chumas an Aontais cinneadh a dhéanamh agus gníomhú trí thromlach cáilithe.

3.2.4. Creideann CESE go bhféadfadh sé go mbeadh ar na Ballstáit a machnamh a dhéanamh arbh fhéidir an tAontas a choinneáil ag feidhmiú dá gcuirfí naoi mBallstát breise leis, agus murarbh fhéidir, na hathchóirithe a bheadh ag teastáil a aithint.

3.2.5. Is féidir le Conradh Liospóin déileáil le méaduithe amach anseo. Ní theastaíonn aon chonradh nua chun líon na gCoimisinéirí a laghdú go dhá thrian de líon na mBallstát, má chinneann an Chomhairle Eorpach é sin a dhéanamh d'aon toil. Is féidir deireadh a chur le crosa áirithe sa Chomhairle trí bhíthin clásail *passerelle* lena gceadaítear aistriú ó aontoilíocht go tromlach cáilithe sa Chomhairle trí bhíthin nós imeachta simplithe um leasú ar na Conarthaí. Ina theannta sin, foráiltear le hAirteagal 48(7) CAE do chlásal *passerelle* ginearálta faoinar féidir deireadh a chur le crosa áirithe, mar shampla i mbeartais eachtracha agus slándála dá bhforáiltear faoi Airteagal 31(3) CAE.

([1]) An bealach a réiteach d'aontachas na mBalcán Thiar leis an Aontas.

([2]) Plean nua fáis agus Saoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh na mBalcán Thiar.

3.2.6. Sa bhreis ar na modhanna vótála, ceadaítear leis na Conarthaí do na Ballstáit lánpháirtiú a dhéanamh ar luasanna éagsúla, ó chomhar feabhsaithe (rud is féidir a dhéanamh i réimsí inniúlachta comhroinnte, amhail Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh) go 'rogha a bheith páirteach' agus 'rogha gan a bheith páirteach', i gcás ina bhforáiltear amhlaidh sna Conarthaí.

3.2.7. Maidir le Parlaimint na hEorpa, coinníodh 31 cheann de 73 shuíochán fholmha na Ríochta Aontaithe saor le haghaidh méadú amach anseo agus/nó liostaí trasnáisiúnta. Ba leor iad sin do roinnt de na tíortha beaga is iarrthóirí, ach níor leor iad don Úcráin, a gheobhadh líon suíochán atá inchomparáide leis an bPolainn (52) nó leis an Spáinn (59). Measann CESE freisin, áfach, gur féidir teacht ar réitigh laistigh de Chonradh Liospóin.

3.2.8. Is féidir athruithe teoranta ar na Conarthaí a shamhlú arbh é ab aidhm dóibh go dtabharfaí slán cumas an Aontais a luachanna agus a leasanna a chosaint tar éis an mhéadaithe. Tugann CESE le fios gur glacadh agus gur daingníodh leasuithe beaga ar an gConradh le linn ghéarchéim an euro trí nós imeachta níos éadroime. Is sampla é sin de bhealach féideartha a thabharfaí faoi aon athmhachnamh tábhachtach a bheidh le déanamh ar bheartais áirithe, más gá.

### 3.3. *Cloí go hiomlán, mar atá riachtanach, le critéir Chóbanhávan*

3.3.1. Ó 1997 i leith, tá urraim do luachanna bunaidh an Aontais – an tsaoirse, an daonlathas, agus urraim do chearta an duine, an dínit, saoirsí bunúsacha agus an smacht reachta – ina coinníoll den Chonradh chun go gcloífí go rathúil leis an Aontas.

3.3.2. Leis an gcéad cheann de chritéir Chóbanhávan, cuireadh d'oibleagáid ar thíortha a bhí ina n-iarratasóirí roimhe seo a mbreithiúnacht a athchóiriú, a mbunreacht a athscríobh agus reachtaíocht a ghlacadh in aghaidh an éillithe agus na coireachta eagraithe roimh theacht isteach dóibh.

3.3.3. Mar sin féin, tugann CESE dá aire nach leor na critéir sin mar choimirce in aghaidh bagairtí eile amach anseo ar an daonlathas agus ar an smacht reachta. Cé gur féidir leis an Aontas tionchar níos mó a imirt de bharr an naisc a rinneadh le déanaí (cé go bhfuil sé teoranta) idir cistiú an Aontais agus comhlíonadh an smachta reachta, is oth le CESE go bhfuil sáruithe fós á ndéanamh ar neamhspleáchas na mbreithiúna agus na meán. Mar a léirigh buaiteoirí Ghradam Eolaíochtaí Eacnamaíocha Nobel 2024 Daron Acemoglu, Simon Johnson and James Robinson, sochaí nach bhfuil an smacht reachta i réim inti, agus ina dtagann na hinstitiúidí i dtír ar an bpobal, ní bhíonn fás inti ná athrú chun feabhais.

### 3.4. *Modheolaíocht athbhreithnithe atá bunaithe ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó mhéaduithe roimhe seo*

3.4.1. D'fhoghlaim an tAontas ceachtanna ó mhéaduithe roimhe seo agus rinne sé a bheartas um méadú a bheachtú trí mhodheolaíocht athbhreithnithe 2020 um méadú, lena gcuirtear ar fáil do thíortha is iarrthóirí agus d'iarrthóirí ionchasacha bealaí níos fearr le haghaidh lánpháirtiú de réir a chéile i mbeartais roghnaithe de chuid an Aontais (fiú roimh a n-aontachas) trí thairbhí agus oibleagáidí áirithe a bhaineann le ballraíocht san Aontas a thús-ualú.

3.4.2. Is léir ón taithí a fuarthas ó bhabhtaí i ndiaidh a chéile roimhe seo den mhéadú nach leor comhtháthú níos dlúithe le margadh aonair an Aontais ná tacaíocht airgeadais spriocdhírithe chun cóineasú socheacnamaíoch luathaithe a bhaint amach. Chun go n-éireoidh leis an méadú, tá gá le tuilleadh athchóirithe uileghabhálacha chun go mbeidh geilleagair na dtíortha is iarrthóirí in ann déileáil le brú iomaíoch an mhargaidh aonair, agus chun gnólachtaí iomaíocha agus inbhuanaithe a fhorbairt chun infheistíochtaí príobháideacha a tharraingt chucu féin.

3.4.3. Measann CESE nach mór fíorghné shóisialta a áireamh in aon fhorbairt a dhéanfar ar an margadh aonair agus go gcaithfear an ceartas sóisialta agus an comhtháthú sóisialta a chuimsiú san fhorbairt sin, ós rud é, cé gur inneall cumhachtach é an margadh aonair don fhás agus don rathúnas, gur féidir leis a bheith ina chúis le neamhionannas agus le bochtaineacht freisin mura ndéantar na tairbhí a bhaineann leis a chomhroinnt go forleathan nó, níos measa fós, má bhíonn sodar go grinneall sna caighdeáin shóisialta mar thoradh air. De thoradh gné shóisialta láidir a bheith cuimsithe i margadh aonair an Aontais, cuirfear rathúnas cuimsitheach chun cinn, agus áiritheofar dá chionn sin go mbeidh deiseanna córa, cearta oibrithe agus cosaint shóisialta ann, agus go gcuirfear leis an bhfás ag an am céanna.

3.4.4. Creideann CESE gur cheart an mhodheolaíocht athbhreithnithe a bheith bunaithe ar fhiúntas agus a bheith in-aisiompaithe, i gcomhréir leis na conclúidí ó Chomhairle Eorpach an 23-24 Meitheamh 2022. Ba cheart leas a bhaint as na féidearthachtaí a chuirtear ar fáil le lánpháirtiú de réir a chéile, agus an bhallraíocht san Aontas a bheith ar an gcuspóir deiridh i gcónaí.

3.4.5. Chuige sin, tá a lán de na tíortha is iarrthóirí comhlachaithe cheana féin le cláir ábhartha de chuid mhargadh inmheánach an Aontais, agus deiseanna acu dá bharr sin atá cosúil leis na deiseanna atá ag Ballstáit an Aontais.

3.4.6. Chun go n-éireoidh leis an méadú, creideann CESE go mbeidh ar an Aontas agus ar na tíortha is iarrthóirí an próiseas aontachais a chur in iúl go héifeachtach dá bpobail agus páirt a ghlacadh i ndíospóireachtaí cuiditheacha lena saoránaigh maidir le tábhacht straitéiseach agus tairbhí an aontachais.

3.4.7. Glacann tíortha is iarrthóirí páirt cheana féin – mar bhreathnóirí go minic – in obair ullmhúcháin ar reachtaíocht agus ar bheartais an Aontais. Is cúis bhróid do CESE go bhfuil ról gníomhach á ghlacadh aige sa mhodheolaíocht nua sin. Lena rannpháirtíocht in obair gníomhaireachtaí díláraithe áirithe de chuid an Aontais tá sé beartaithe caighdeáin an Aontais a chomhtháthú sna córais atá acu ag céim luath.

3.4.8. Creideann CESE freisin gur cheart don tSeirbia agus don Chosaiv ([3]) a gcaidreamh a normalú mar réamhchoinníoll don aontachas.

## 4. **Barúlacha sonracha**

### 4.1. ***Cur chuige caolchúiseach/de réir a chéile***

4.1.1. Leis na huirlisí agus leis an gcreat lena rialaítear cheana féin an caidreamh idir an tAontas agus na tíortha is iarrthóirí (amhail an Comhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais leis na Balcáin Thiar agus na Comhaontuithe Comhlachais agus na Limistéir Dhoimhne Chuimsitheacha Shaorthrádála ghaolmhara leis an Úcráin, leis an Moldóiv agus leis an tSeoirsia), cuirtear deiseanna móra ar fáil cheana féin chun aistriú forásach i dtreo ballraíocht san Aontas a áirithiú, lena n-áirítear lánpháirtiú de réir a chéile i réimsí sonracha den Mhargadh Aonair.

4.1.2. Le rochtain luath agus de réir a chéile ar an margadh aonair, beidh oibreoirí eacnamaíocha sna tíortha is iarrthóirí in ann iad féin a lánpháirtiú a thuilleadh sna luachshlabhraí Eorpacha. Chuige sin, d'fhéadfaí comhpháirtíochtaí straitéiseacha a bhunú in éiceachórais thionsclaíocha leasa choitinn (e.g. amhábhair, ceallraí, turasóireacht, an geilleagar ciorclach, innealra).

4.1.3. Is cuid dhílis d'aon aontachas leis an Aontas é *acquis* an mhargaidh aonair a ghlacadh. Measann CESE go dtarraingíonn sé sin anuas an tsaincheist i dtaobh conas rochtain ar an margadh aonair de réir a chéile roimh an aontachas a fhorbairt a thuilleadh, ó thaobh spriocréimsí agus coinníollacha dó a chinneadh.

4.1.4. Chun an cur chuige sin a chur i ngníomh go héifeachtach, ba cheart do thíortha na mBalcán Thiar teacht ar chomhaontú maidir le rialacha an Aontais a leathnú go huathoibríoch i réimse sonrach laistigh den Chómhargadh Réigiúnach a luaithe a bhaineann tír ar leith ailíniú leis an Aontas amach agus a dheimhníonn sí é sin. Leis an mbeart straitéiseach sin, chuirfí deireadh leis an ngá atá le nós imeachta idirmheánach breise le haghaidh na rialacha céanna laistigh den réigiún, agus dá bhrí sin ní hamháin gur chur chuige réamhghníomhach é lena laghdófaí iomarcaíocht, ach ráthófaí leis freisin cur chun feidhme níos rathúla phróiseas an Chómhargaidh Réigiúnaigh agus phróiseas mhargadh aonair an Aontais araon.

4.1.5. Creideann CESE go mbeidh ar institiúidí an Aontais cinneadh a dhéanamh an gcruthófaí nó nach gcruthófaí cearta agus oibleagáidí atá in-fhorfheidhmithe go díreach i ndlíchóras an Aontais agus i ndlíchóras na dtíortha is iarrthóirí dá dtabharfaí lánpháirtiú feabhsaithe de réir a chéile dóibh sa mhargadh inmheánach.

4.1.6. Níl CESE cinnte cé na coimircí a bheidh ag teastáil (maidir le léirmhíniú, cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú aonfhoirmeach *acquis* an Aontais), agus cé na féidearthachtaí freagartha a bheidh ag an Aontas i gcás nach gcomhlíonann tír is iarrthóir a cuid oibleagáidí. Is réimse éiginnte é seo ar cheart scrúdú an-ghrinn a dhéanamh air. Baineann sé le deimhneacht dhlíthiúil agus iontaoibh i gcomhair gnólachtaí.

4.1.7. Déantar na comhaontuithe comhlachais a chomhlánú le tionscnaimh bhreise.

— Is é is aidhm don phlean gníomhaíochta tosaíochta faoin limistéar domhain cuimsitheach saorthrádála leis an Úcráin rochtain a thabhairt don tír ar réimsí den mhargadh aonair roimh an aontachas tríd an Úcráin a áireamh i bhFánaíocht ar Tháillí Baile an Aontais; tríd an rochtain ar an limistéar aonair d'íocaíochtaí euro a ullmhú i gcomhréir leis na nósanna imeachta agus na ceanglais ábhartha; agus trí shaorchúrsaíocht earraí tionsclaíocha áirithe a cheadú. Tá plean den chineál céanna ann don Mholdóiv freisin, agus tá plean eile á shocrú don tSeoirsia.

([3]) Chinn an Chúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta (CBI) 'nár sáraíodh an dlí idirnáisiúnta' le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive, a fógraíodh go haontaobhach an 17 Feabhra 2008.

— Leis an bplean fáis do na Balcáin Thiar, dreasaítear an réigiún chun ullmhú do bhallraíocht san Aontas agus chun dlús a chur leis na hathchóirithe socheacnamaíocha agus bunúsacha is gá, go háirithe trí roinnt de na tairbhí a bhaineann le rochtain ar an margadh aonair a thabhairt chun cinn. Tugtar faoin tionscnamh seo i gcomhthráth le Cómhargadh Réigiúnach na mBalcán Thiar, margadh a bhfuil sé d'aidhm aige, bunaithe ar rialacha agus ar chaighdeáin an Aontais, comhtháthú eacnamaíoch an réigiúin a áirithiú.

— Faoin tSaoráid Athchóirithe agus Fáis do na Balcáin Thiar, faoin tSaoráid don Úcráin agus faoi Phacáiste Tacaíochta an Aontais don Mholdóiv tugtar tacaíocht airgeadais freisin do na próisis sin um lánpháirtiú de réir a chéile.

— Ceann de chuspóirí an Phlean agus na Saoráide nua Fáis is ea dlús a chur leis an gcomhtháthú eacnamaíoch réigiúnach mar chéim chun cinn do gheilleagair na mBalcán Thiar chun gur fearr a bheidh siad in ann iad féin a chomhtháthú i slabhraí luacha Eorpacha agus a gcuid iomaíochais a fheabhsú. A bhuí leis sin, is fusa a bheidh sé do thíortha na mBalcán Thiar comhtháthú rianúil a dhéanamh i margadh aonair an Aontais.

— Má thagann méadú ar an gcomhar eacnamaíoch idir-réigiúnach agus ar an trádáil eacnamaíoch idir-réigiúnach, rud a bheidh bunaithe ar chaighdeáin an Aontais, is amhlaidh a thiocfaidh biseach ar an acmhainneacht eacnamaíoch atá gan saothrú sa réigiún; is fearr an iomaíocht a bheidh sna cuideachtaí ach slabhraí táirgeachta trasteorann a chothú agus na buntáistí atá ag cuid de na réigiúin thar a chéile a ghiaráil; cruthófar poist nua; beidh tairbhe agus sochar ann do na tomhaltóirí; agus meallfar infheisteoirí chun tairbhe a bhaint as margadh níos mó.

4.1.8. Is mór ag CESE go mbeidh de thoradh ar rochtain luath agus de réir a chéile ar an margadh aonair go mbeidh oibreoirí eacnamaíocha, comhpháirtithe sóisialta, agus an tsochaí shibhialta sna tíortha is iarrthóirí in ann iad féin a lánpháirtiú a thuilleadh sna luachshlabhraí Eorpacha. Mar sin féin, chun go mbeidh siad níos éifeachtúla, ba cheart comhpháirtíochtaí straitéiseacha a bhunú in éiceachórais thionsclaíocha leasa choitinn.

4.2. ***A riachtanaí atá sé na hionstraimí cúnaimh sheachtraigh agus theicniúil atá ann faoi láthair a athdhearadh***

4.2.1. Creideann CESE go dtugtar le tuiscint leis an gcoinníollacht *ex-ante* gur ann do chur chuige nua um méadú lena n-éilítear ionstraim nua um dhearadh atá éagsúil leis na hionstraimí cúnaimh sheachtraigh agus theicniúil atá ar fáil faoi láthair. Níl an mhodheolaíocht sin indéanta faoin Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais atá ann cheana (IPA III).

4.2.2. Leis an ionstraim nua um chúnamh seachtrach agus teicniúil, ba cheart an cúnamh airgeadais atá ann faoi láthair faoi IPA III a threisiú le cláir chomhair de chuid Interreg faoi bheartas comhtháthaithe an Aontais, agus ba cheart na Balcáin Thiar a bheith rannpháirteach inti. Is mian le CESE béim a chur ar an tábhacht atá leis an tacaíocht do na tíortha is iarrthóirí a ailíniú diaidh ar ndiaidh le hionstraimí airgeadais na mBallstát ar mhaithe le haistriú mín líofa i dtreo na ballraíochta.

4.2.3. Tá sé beartaithe leis an tSaoráid nua Athchóirithe agus Fáis do na Balcáin Thiar tacú le cur chun feidhme an phlean nua fáis agus leis na ceithre cholún a ghabhann leis tríd an gcúnamh airgeadais a mhéadú go suntasach. Is díol sásaimh do CESE go mbeidh na híocaíochtaí faoi réir coinníollacha dochta ó thaobh athchóirithe tábhachtacha de, mar a leagtar amach sa chlár oibre um athchóiriú.

4.2.4. Chumhdófaí an tréimhse 2024-2027 faoin tsaoráid atá beartaithe. Sholáthrófaí léi tacaíocht airgeadais i bhfoirm iasachtaí (suas le EUR 4 bhilliún) agus i bhfoirm tacaíocht neamh-inaisíoctha (suas le EUR 2 bhilliún), agus trí eisíocaíochtaí díreacha leis na buiséid náisiúnta, nó mar chistiú infheistíochta caipitil trí Chreat Infheistíochta na mBalcán Thiar.

4.2.5. Le tionchar airgeadais na saoráide, mar aon leis na cistí atá fós ar fáil faoi IPA III don chuid eile de CAI 2021-2027, tá sé á bheartú an déine cabhrach chéanna a sholáthar do na Balcáin Thiar in aghaidh an áitritheora agus a sholáthraítear faoin mbeartas comhtháthaithe san Aontas ar an meán.

4.2.6. Ba cheart go bhfreagródh an treisiú eisceachtúil buiséid sin do na héilimh ón réigiún ar chóineasú socheacnamaíoch níos láidre agus an teachtaireacht a threisiú gur féidir na tairbhí a bhaineann le comhtháthú níos dlúithe leis an Aontas a bhrath roimh an aontachas féin.

An Bhruiséil, an 4 Nollaig 2024

*Uachtarán*
*Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa*
Oliver RÖPKE